2024/2761

28.10.2024

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2761 ÓN gCOMHAIRLE

## an 24 Deireadh Fómhair 2024

## lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine ([1]), agus go háirithe Airteagal 5a(14) de,

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Iúil 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 833/2014.

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, tugtar éifeacht do bhearta áirithe dá bhforáiltear i gCinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle ([2]).

(3) An 21 Bealtaine 2024, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/1469 ([3]). Le Rialachán (AE) 2024/1469, leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 agus bunaíodh ranníocaíocht airgeadais atá dlite don Aontas trí thaisclanna lárnacha urrús a bhfuil cúlchistí agus sócmhainní Bhanc Ceannais na Rúise ina seilbh acu ar mó a luach iomlán ná EUR 1 mhilliún, atá coibhéiseach le 99,7 % de ghlanbhrabúis agus a eascraíonn as na hioncaim urghnácha gan choinne a fhabhraíonn chuig na taisclanna sin ó bhí 15 Feabhra 2024 ann de thoradh chur chun feidhme na mbeart sriantach, go háirithe an toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 1a(4) de Chinneadh 2014/512/CBES agus in Airteagal 5a(4) de Rialachán (AE) Uimh. 833/2014. Le Rialachán (AE) 2024/1469, tugadh isteach Iarscríbhinn XLI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 chun leithdháileadh na ranníocaíochtaí airgeadais is iníoctha le hionstraimí caiteachais éagsúla nó le cláir éagsúla de chuid an Aontais faoi bhuiséad an Aontais a leagan amach.

(4) An 24 Deireadh Fómhair 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2024/2760 ([4]) lena leasaítear leithdháileadh na ranníocaíochta airgeadais a íoctar leis an Aontas i gcomhréir le hAirteagal 1a(11) de Chinneadh 2014/512/CBES.

(5) Tá damáiste ollmhór déanta ag cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine san Úcráin féin, agus is é EUR 452,8 billiún na costais téarnaimh agus atógála a mheastar ón 31 Nollaig 2023. Thairis sin, tá rochtain ar mhargaí airgeadais idirnáisiúnta caillte ag an Úcráin agus tá laghdú suntasach tagtha ar a hioncam poiblí, agus tá méadú suntasach tagtha ar a caiteachas poiblí. I bhfianaise an mhéid sin, is féidir riachtanais chistiúcháin shubstainteacha a thuar do na blianta atá le teacht.

(6) An 30 Márta 2023 chomhaontaigh an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) clár 4 bliana USD 15,6 billiún leis an Úcráin faoin tSaoráid Fhadaithe Chistiúcháin chun cobhsaíocht eacnamaíoch agus airgeadais a chothú tráth a bhfuil éiginnteacht thar a bheith mór ann, chun inbhuanaitheacht fiachais a athbhunú, agus chun athchóirithe a chur chun cinn a thacóidh le téarnamh na hÚcráine sa tréimhse iarchogaidh. Measann CAI gurb é USD 121,9 billiún an bhearna bhunlíne iomlán sa mhaoiniú le linn thréimhse chlár CAI.

(7) I bhfianaise dhéine leanúnach an chogaidh, agus an damáiste a dhéantar do bhonneagar sibhialtach criticiúil na hÚcráine de dheasca ionsaithe méadaithe mórscála ag an Rúis, ní mór don Úcráin acmhainní suntasacha breise a shlógadh dá tosaíochtaí buiséadacha agus tosaíochtaí fadtéarmacha téarnaimh agus atógála. Ós rud é go bhfuil bearna iarmharach sa mhaoiniú fós de bhreis ar na hacmhainní atá soláthraithe cheana féin ag an Aontas, ag deontóirí eile agus ag institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, lena n-áirítear CAI, ba cheart don Aontas leanúint de fhreagairt iomchuí a thabhairt.

([1]) IO L 229, 31.7.2014, lch. 1
([2]) Cinneadh 2014/512/CBES ón gComhairle an 31 Iúil 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L 229, 31.7.2014, lch. 13).
([3]) Rialachán (AE) 2024/1469 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2024/1469, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1469/oj).
([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2024/2760 ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2024 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2024/2760, 28.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2760/oj).

(8) Sna conclúidí uaithi an 27 Meitheamh 2024, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar an gComhairle an obair a thabhairt ar aghaidh, agus aghaidh á thabhairt an tráth céanna ar na gnéithe ábhartha dlíthiúla agus airgeadais uile, chun cistiú breise a sholáthar don Úcráin faoi dheireadh na bliana i bhfoirm iasachtaí a sheirbhíseofar agus a aisíocfar trí shreafaí den ioncam urghnách amach anseo d'fhonn thart ar EUR 50 billiún a bhaint amach in éineacht le comhpháirtithe G7 mar a phléigh Ceannairí G7, chun tacú le riachtanais mhíleata, bhuiséadacha agus atógála na hÚcráine atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Chuir an Chomhairle Eorpach in iúl freisin gur cheart, faoi réir dhlí an Aontais, sócmhainní na Rúise a bheith blocáilte fós go dtí go gcuirfidh an Rúis deireadh lena cogadh foghach i gcoinne na hÚcráine agus go gcúiteoidh sí an Úcráin as an damáiste atá déanta de dheasca an chogaidh sin.

(9) Dá bhrí sin, bunaíodh Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin le Rialachán (AE) 2024/2773 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) chun tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a sholáthar don Úcráin. Tá an cúnamh sin le soláthar d'fhonn cabhrú leis an Úcráin cúnamh macrairgeadais eisceachtúil i bhfoirm iasachta arna soláthar ag an Aontas agus iasachtaí incháilithe breise arna soláthar ag comhpháirtithe G7 a aisíoc chun tacú le riachtanais bhuiséadacha na hÚcráine.

(10) Is iad cuspóirí an tSásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin agus na hiasachta eisceachtúla cúnaimh macrairgeadais don Úcráin arna bhforáil ag an Aontas cistiú breise a sholáthar don Úcráin a aisíocfar trí shreafaí ioncaim urghnácha amach anseo a fhabhraíonn i dtaisclanna lárnacha urrús de thoradh chur chun feidhme na mbeart sriantach.

(11) Is iomchuí an Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin a ainmniú mar ionstraim chaiteachais an Aontais in Iarscríbhinn XLI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 a n-úsáidtear an ranníocaíocht airgeadais atá dlite do bhuiséad an Aontais ina leith.

(12) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir leis an dara híocaíocht leathbhliantúil den ranníocaíocht airgeadais a dhéanfar sa bhliain 2025 agus maidir leis na híocaíochtaí uile ina dhiaidh sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasófar Iarscríbhinn XLI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige seo maidir leis an dara híocaíocht leathbhliantúil den ranníocaíocht airgeadais a dhéanfar sa bhliain 2025 agus maidir leis na híocaíochtaí uile ina dhiaidh sin.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Deireadh Fómhair 2024.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

BÓKA J.

([5]) Rialachán (AE) 2024/2773 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2024 lena mbunaítear an Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin agus lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin (IO L, 2024/2773, 28.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2773/oj).

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn XLI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 833/2014, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

‘1. Déanfar méideanna arna n-aistriú chuig buiséad an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 1a(11) de Chinneadh 2014/512/CBES arna leasú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2024/2760 (*) ón gComhairle a leithdháileadh ar an Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin a bunaíodh le Rialachán (AE) 2024/2773 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (**) chun cúnamh a thabhairt don Úcráin i dtaobh iasachtaí cúnaimh macrairgeadais arna soláthar ag an Aontas agus iasachtaí déthaobhacha arna soláthar ag na comhpháirtithe G7 a aisíoc.

(*) Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2024/2760 ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2024 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2014/512/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí na Rúise i ndíchobhsú staid na hÚcráine (IO L, 2024/2760, 28.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2760/oj).

(**) Rialachán (AE) 2024/2773 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2024 lena mbunaítear an Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin agus lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin (IO L, 2024/2773, 28.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2773/oj).’.